

Gaeltacht

16ú Feabhra, 1973

Iml.1.

Uimhir 2

Gach coicís

LUACH 6p

Ionad úr caitheamh aimsire do Ghaoth Dobhair

Tá sé ar intinn ag C.L.C.G. Gaoth Dobhair ionad caitheamh aimsire a thógáil i Srathnacorcra, Doirí Beaga. Tá ocht acra talamh ceannaithe acu cheanna, agus fá láthair tá na h-ailtí ag obair ar an phleann.

Tá sé de rún acu páirc imeartha, linn snámh, agus ionad i leith cruinnithe a bhéas ábalta thart fá mhíle duine a shuí, a thógáil i measc rudaí eile nach bhfuil socraithe go fóill. Meastar go gcosnóchaidh an ionad úr seo £100,000.

Beidh siad ag toiseacht gan mhoill ag cuinniú airgid agus tá siad ag súil le tacaíocht mhaith san cheantair. Beidh crannchur seachtainiúil acu, a mhaireas ar leadh fiche seantain agus se an duais don seachtain dneireannach ná gluasteán úr.

Meastar go mbeidh tús curtha leis an obair roimh deireadh an t-Samhraidh seo chugainn.

Tá lucháir ar "Gaeltacht" an nuai-ocht mhaith seo a chlunstin agus tá gach moladh tuille ag C.L.C.G., Gaoth Dobhair ar shon an chéim mhóir chun cinn seo atá acu. Tá súil againn go leanfaidh cuid mhór áiteacha eile ar fud na Gaeltachta an sampla breá seo agus rud éigin a dhéanamh chun caitheamh aimsire a chur ar fáil ina gceantair fhéin.

Ní amháin aos óg an lae inniu a thabharfas buíochas ar a shon ach aos óg an lae amáraigh agus na glúinte atá le theacht.

Rath Dé ar an obair.



Cuid de'n scáifte ag baint sult as an oíche mhór áirneal i Radharc an Earagail



Nóirín (Aois 12) agus Anna (Aois 10) Uí Ghalloir as Rann na Feirste a bhfuil dhá chéad bonn bainte acu i gcomórtas Rince in áiteacha comh fada ar shiúl le Glasú agus Baile Átha Cliath.

Ar chlé shíos: An tÁthair Dónal Mac Suibhne, Seán Bán Mac Grianna agus an tÁthair Mícheal Mac Suibhne. Ar dheis shíos: Páirt de'n scáifte. Ar chlé: Albert Fry agus Seán Mac Suibhne.



Oíche mhór le Albert Fry

Bhí oíche mhór áirneal ag muintir Rann na Feirste i Radharc an Earagail tá goirid ó shoin. Chóir a bheith go rabh achan nduine i Rann na Feirste i láthair idir óg agus aosta agus cnruthaigh siad nach bntuil daoine ar bith cosúil leo i mbun oíche ghaelach.

Bhí Albert Fry ann ag ceol go binn mar is gnáth dó, agus ba bhreá é ag ceol "Cumhaigh an Fhile" leis an thile é fhéin Seán Bán Mac Grianna 'na

shuí ag a thaobh ar an ardan.

Bhí an buíon ceoil le Dónal Bhell Denis Thorraigh agus Joe Mhickey Jimmy ar an cheann a b'fearr a chual- aigh mé ariamh.

Ní rabh ganntanas ar bith ceoltóirí agus duine amháin níos fearr ná'n duine eile. Ina measc bhí: Gearaldín Nedí Franc, Seán Bán Mac Grianna agus Neillí Mhicí Húdaí.

Ach siad Anna agus Nóirín Uí

Ghalloir a bhain ár gcroí nuair a ghlac siad an t-urlár le cupla ríl a rinne. Cé nach bhfuil Anna ach deich mbliana, agus Nóirín dhá bhliain déag tá níos mó ná dhá chéad bonn bainte acu ag rinne in áiteacha comh fada ar shiúl le Glasú agus Baile Átha Cliath. Bhain Nedí Franc, Neillí Húdaí agus Anna Pheadair sult agus pléisiúr as an oíche.

EAGARALT

SULAR BUNAÍODH "GAELTACHT" bhí ceist amháin inár intinn—an mbeadh go leor ábhair le fáil do nuachtán den chineál seo? nó an dtiocfadh go leor scríobhneoirí de bhunú Ghaeltacht Thír Chonaill chun tosaigh? Bhí muinín againn as an acfuint scríobhneóirachta agus litríochta sin atá mar thradisiún i measc mhuintir na Gaeltachta, ach nuair a d'fhógair muid go rabh muid ag cur tús le páipéar úr, bhí iontas orainn as an méid tacaíocht agus deá-mhéine a fuair muid ó achan aicme daoíní—agus go h-áirithe ó na scríobhneoirí óga. Cruthaíodh dúinn go bhfuil brí agus fuinneamh iontach ins an Ghaeltacht. Tá an teanga í féin slán

Níl le déanamh ag an Rialtas agus gaeilgeoirí na tíre, agus go mór-mhór muintir na Gaeltachta iad fhéin, ach an bhrí agus an fuinneamh seo a chothú agus a chur chun cinn agus slí bheatha agus saol sóisialta a chur ar fáil.

Tá feidhm le ionaid chaitheamh aimsire a bhunú go fiú amháin i ngach bhaile talamh. Is iontach nach bhfuil mórán déanta faoi seo go fóill. Níl saol sóisialta ar bith ag an aos óg taobh amuigh de thithe tabhairne agus hallaí damhsa. Tá an t-aos óg toilteanach agus ábalta an obair seo a dhéanamh iad fhéin ach caithfidh siad tacaíocht a fháil.

Tá feidhm le caitheamh aimsire cruthaitheach don aos óg—caitheamh aimsire ar leibhéal níos aoirde agus níos intleachtúla ná an teach tabhairne. 'Sé slí bheatha an príomh-riachtanas sa Ghaeltacht ach ní leor sin amháin. Tá feidhm le timpeallacht a chruthú ina dtig le saol sóisialta agus cultúra Gaelach fás agus dhul chun cinn.

BANTRACHT NA TUAITHE Bás an Athair Briain Mhic AN BUN BEAG

Ag cruinniú míosúil Bantracht na Tuaithe, thug an Caithaoirleach moladh mór do Phádraigín Ní Thionna an Rúnaí, as tabhairt faoi na miontuairiscí i nGaeilg. As Leitir Ceanainn Pádraigín, tá sí ag obair in Oifig an Phoist. Ní cainteoir dúchais í ach tá sí ar a sean dícheall ag iarraidh blas agus snas a chur ar an bheagán atá aici.

Bhí scaifte maith ag an chruinniú. Thug Bean Arnold taisbeantas ar mhataí tábla agus bhí tráidirí cána a gcríochnú fosta. Tháinig trí bhall úr eile isteach agus bhí lúchair mhór ar gach duine scaifte maith daoíní óga a bheith sa chumann anois. Tá ranganna corp oiliúnt faoi stiúradh Iníon Ní Dhúgáin ag tosnú Dé Ceadaoine 21ú Feabhra.

Tugadh aníos ceist dhrámaíochta agus tá seans maith go ndéanfaí Dráma a léiriú roimh dheire na bliana. Iníon Ní Dhochartaigh B.A. a bhéas ina bhun seo.

Giolla Cearra. Sagart Paróiste Cill Charthaigh.

Is le brón mór a chuaia Deoise Ráth Bhoth fá bhás an Athair Bhrian Mhic Giolla Chearra, Sagart Paróiste An Cill Charthaigh a tharla le goirid, i n-oispidéal Béal Átha Seanaidh.

As ceantar Gleann Bhairr, chaith sé tamall mar Séiplíneach i bParóiste Gaoth Dobhair, Anagaire, agus Gort A' Choirce, comh maith leis na Gleanntaí sul a dteachaigh sé mar Sagart Paróiste go Cill Charthaigh.

Bhain sé cairdeas aosta agus óg i ngach paróiste a d'oibair sé ann agus beidh cuimhne air mar shagart umhal agus carthanach.

Déantar comhbhrón an phobail lena dhaoine muintreach go léir.

Ar Dheis Dé go rabh a anam.

Micheal O Gallchoir Doiri Beaga

Fáilte roimh gach duine a labhras Gaeilg anseo.
Guthán An Bun Beag 7

Anton O Gallchoir

Earraí Lámhchniotáilte do Fhir, Mná agus Páistí.

Doiri Beaga

Guthán 63

PÓSADH

Pósadh Caitlín Ní Chuinneagán B.A. múinteoir as bhun scoil na Carraige ar Bhrian Mac Umhleoidh B.A. as Droichead Áth. An tAthair Conal Mac Cuinneagáin atá muintreach de Chaitlín a phós iad i searmonas Gaeilge i Seipeal Naomh Colmcille, An Charraig

Tá an lanúin óg ar shiúl go Zambia ar feadh dhá bhliain go leith mar múinteoirí miseanach.

Cuireann a gcairde go léir i gCarraig agus ceantair Gleann Colmcille a ndéa mhéin leo agus tá súil acu go mbeidh gach ádh ortha ins an tír sin.

25 BLIAIN PÓSTA

Comhghairdeachas le Sorcha agus Seán Ó Dhochartaigh as Rann na Feirste a bhí 25 bliana pósta Dé Sathairn a chuaigh thart.

Bhí oíche mhór tige Shéin Mhicí Óig an oíche sin, le ceol agus damhsa go maidín.

Tá triúr iníon acu, Máire, Sorcha agus Nóirín.

Fuair siad cárdaí as gach aird, a lán ó lóistéirí a bá gnáth stopadh acu rith na cúrsaí Gaeilge san tSamhradh, ag déanamh comhghairdeachas leo.

I ndiaidh bheith ar laethe saoire

Tá Sorcha Bean Uí Cholla agus a h-iníon Sorcha as Rann na Feirste i ndiaidh pilleadh as Glascú áit a rabh siad ar laethe saoire i gcuideachta Agnes Bean Uí Ghrianna.

Bhain siad spéis as an seall a chaith siad in Albain ach deir siad nach bhfuil áit ar bith cosúil leis an bhaile.

BÁS BRIAIN UÍ CHOLLA

Chaill ceantar Gaoth Dobhair ceann dena sean daoine a ba fhiúntaí nuair a d'éag Brian Ó Colla as Mí na Cuinge tá goirid ó shoin. Fear cneasta macánta a bhain cairdeas achan nduine a rabh aithne acu air. Chaith sé seal dena shaol i nAlbain ag obair i measc na bhféirmeoirí agus ar fhoirgní ins an tír sin.

Bhí slua mór ag a thórramh go Reilig Mhachaire Gáthlán i ndiaidh an Aifrinn i Seipeal Naomh Mhuire Doirí Beaga.

Déantar comhbhrón an phobail lena mhac Brian, a dhearthar Art, agus a dhaoine muintreach go léir.

Ar Dheis Dé go rabh a anam.

SA BHAILE ARÍS

Tá lúchair ar bhunadh Theileann go dtáinig Tomás Ó Caiside as an Chruachlinn agus a bhean chéile Anna as Mí na Mathlach na bhaile as Londoin le cónaí i dTheileann. Tá Tomás i gcionn na h-iascaireachta fá láthair agus tá súil ag a chairde go léir go mbeidh ráth ortha san am atá le theacht.

BÁD ÚR EILE

Tá Seán Ó Cianaigh as Rann na Cille, Theileann i ndiaidh a dheichú bhád leath laftan a chur ar uisce i gCuan Theileann.

Tá baill mhaith ar na h-iascairí i gceantair a chuan seo ó d'fág siad na bádaí beaga na ndiaidh. Tá siad ag baint amach a saothar ar na bádaí móra anois atá gléasta níos nua-aimsirí

Comhghairdeachas ó

Radharc na Mara

AGUS

Ostan Gaoidoir

Oíche Cheoil i Radharc na Mara 'rith an tSamhraidh

Ostán Gaoidoir foscailte ó Fhéil Pádraig.

Paddy Thadhg Mac Phaidin

Seirbhís Mini-Bus Oíche agus Lá

Gaoth Dobhair agus Glascú

Dobhar

Guthán: An Bun Beag 34

Cuir do chuid éadaí chugainn agus beidh siad . . .

FIORGHLAN

Anagaire

FIANNA FÁIL

AN

PÁIRTÍ POBLAGHTACH

Tabhair do bhóta

1

2

i do rogha ord

BRENNAN Joseph




Aire Saothair agus Leasa Shóiselaigh

DELAP Dr. Patrick


Cuidigh Linn Cuidiú Libh

Tabhair do bhóta do Fianna Fáil

GREANN



Bean an tí: Dia ár sábhail, caidé thuit amach? Fear Eitealáin: Mise!



Bhí feirmeoir ann uair amháin agus pháirc ná sin an áit a bhfuil na gunnaí b'éigin dó ghabháil a shaighdiúreacht i bhfolach" nuair a bhris cogadh amach sa tír. Tamall ina dhiaidh sin fuair sé litir Nuair a bhí sé ar shiúl cupla seachtain fuair sé litir óna bhean chéile a rá óna bhean a rá "Tharla rud millineach nach rabh fhios aici cén dóigh a Tháinig léar mór saighdiúirí le spádaí agus romhair siad an pháirc uilig ag gheobhfáidh sí na preataí curtha gan cuartú gunnaí. Caidé dhéanfaidh mé? fear ar bith fán teach. Scríobh sé aráis "Cuir isteach na Scríobh sé aráis a rá "Ná bac leis an preataí anois!"

TEILEAFÓN 755401
Seoltar aon fhreagra go dtí :-
AN RÚNÁI
Jaoin uimhir seo :-
D 5/73



ROINN NA GAELTACHTA,
25 ARDÁN PHORT AN IARLA,
BAILE ÁTHA CLIATH, 2.

D.24/69

30 Aibreán, 1969.

13 Feabhra 1973

Proinsias Ó Muireagáin Uasal
Gló na Rosann
Gaeth Dobhair
Leitir Ceanainn
Co Dhún na nGall

A Chara,

Tá ordaithe dom ag Aire na Gaeltachta tagairt a dhéanamh don iarratas a rinne tú ar dheontas chun cabhrú leat an páipéar "Gaeltacht" a fhoilsiú agus a mheabhruí duit gur cuireadh in iúl duit cheana ar 30 Aibreán 1969, mar fhreagra ar fhiafraí a rinne tú, nach raibh ar intinn ag an Roinn teacht i gcabhair ar fhoilseachán úr Gaelige.

Tá cóip de litir an 30 Aibreán 1969 leis seo mar eolas duit.

Mise le meas

L. O'Connell

Proinsias Ó Muireagáin, Uas.,
Gló na Rosann,
Gaeth Dobhair,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.

A Chara,

Mar fhreagra ar an fhiafraí a rinne tú ar na nallaihb tá ordaithe dom ag Aire na Gaeltachta a chur in iúl duit nach bhfuil ar intinn ag an Roinn seo teacht i gcabhair ar fhoilseachán úr Gaelige. Sa staid ina bhfuil na nuachtáin agus na tréimhseacháin atá á bhfoilsiú le cabhair ón Roinn, is tábhachtaí go mór ó thaobh na Roinne go geuirfí feabhas orthu sin ná go geuirfí tús le foilseachán eile.

Más dóigh leat nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh ar léitheoirí áirithe, ba chóir duit moltaí a chur i léitheir lucht stiúrtha cheana de na foilseacháin atá ann cheana féachaint an bhféadfaí an seol a leighneas. Dé nbeifí chun foilseacháin a leathnú agus a fheabhsú ar mhaithe le léitheoirí traise agus dá mbéadh deontas néadaithe ag teastáil chuíge sin, bheadh an Roinn toilteanach iarratas dá réir a bhreithniú.

Mise, le meas,

Diúltiú do pháipéar fíor-Ghaeltachta

Go dtí tá goirid ó shoin ní rabh a leitheid a rud de pháipéar nuaiochta fíor-Ghaeltachta ann. Ní rabh ann ach páipéirí ag teacht ó thaoibh amuigh den Ghaeltacht ag freastal ar an Ghael-

tacht. Léiríonn na litreacha seo an dearcadh aineolach atá ag an Roinn ar chúrsaí Ghaeltachta. Ar ndóighe ní seo deireadh an scéil!

FINE GAEL

Bhótáil Fine Gael san toghán seo má tá Rialtas nua a dhith oraibh chun:

1. An costas mairechtáil a ísliú tré an VAT a bhaint de bhia.
2. Aird fá leith do sean daoine, baintrí agus díleachtaí.
3. An phinsin do gach duine thar 65 bliain d'aois.
4. A chuirfeas feobhas ar scoltacha agus cúrsaí oideachais.
5. A chuirfeas tithe go leor ar fáil do dhaoine.
6. A laghdochadh uimhir na ndaoine atá as obair, tré thionscail nua a bhunú.
7. A chuirfeas laghdú ar rátaí agus chánacha.
8. An tír a rialú go cóir agus ionraice.

DUN NA nGALL / LIATROM

CUNNINGHAM FRANCIS

WHITE JAMES

DUN NA nGALL / THOIR THUAIGH

BOGGS BERTIE

HARTE PADDY

Bhótáil do na h-ionadaí seo i do rogha ord.

Uaisleacht an Oileáin

le PÁDRAIG MAC GARBHEITH

TÁ OILEÁN AN IÚIR uasal, agus an chuma sin air. É ina luí ansin go h-uaigneach i lár na locha fé na chuid crann glas agus an crann iúir mar mháistir ortha uilig. Oileán iontach é seo a chuirfeadh fé draíocht thú, an bomaite a chuirtheá cos ar a chladach. Níl cónaithe air ar ndóigh ach chuala mé go minic go rabh casan faoi uisce ón "tír mór" chun an oileáin, ach go rabh sé comh casta aimhriteach sin nár b'fhéidir do dhuine gan eolas, a bhealach a dhéanamh ann. Ní bhfuair mé fhéin eolas an bhealaigh go fóill!!

Is minic a chuala mé na sean-daoiní ag caint ar an fhear fada ó shoin a rabh cónaithe air i "nÁird Na Buailéadh" díreach os coinne an oileáin. Bhí mó dhuine bocht, teaghlach mór aige, agus beagán maoiné. Ní rabh bó aige ach ag dréim le bainne na comharsan, rud a fuair sé fá chroí mhór mhaith.

Oíche amháin dúirt sé lena mhnaoi, "Is trua Dhia gan bó dar gcuid fhéin againn, bheadh muid ar an neamh acra." Ní rabh níos mó de sin an oíche sin. Ar maidín látharna bháirach nuair a chuaigh an fear seo amach, fuair sé bó a rabh dáth órdha uirthi ceangailte ag a dhóras. Níor chuir sé suim mhór ansin, nó ba é an lá roimhe sin a bhí an t-aonach ar an Chlochán Liath. Dar leis fhéin seo bó a d'éalóidh ó'n aonach, agus beidh duine éigin ar a lorg gan mhoill. Ach ní rabh, agus d'ainneóin gur chuir mó dhuine faisnéis fada, leitheadach, ní rabh iomrá ar dhuine ar bith a chaill an bhó.

Bhí go maith, ní rabh ní b'fhearr le déanamh aige, ná an bhó a choineáil, rud a rinne sé, go rabh cúig gamhna aici. Níor dhíol sé aon cheann ariamh acu nó bhí sé i dtólamh amhrasach fá'n dóigh a dtáinig an bhó.

Maidín amháin i dtús an Earraigh, bhí an fear seo amuigh ar "Árd na Buailéadh" ag "caitheadh" coirce, agus an t-eallach thíos os a choinne. Nuair a thóg sé a shúil bhí triúr acu i bpáirc na comharsan. "Maise, ar seisean, go dtógfaidh an diabhal leis sibh a bhaicle gan mhúineadh."

Lé sin fhéin chuala sé an scairt ar an oileán. "Téigh, téigh, a mhaol ordha, a laoi óig go gamhain." Lé sin

fhéin chuaigh an t-eallach air an t-snámh, agus choimhead an fear iad go dteachaidh siad i dtír air an oileán. Scolb nó scéala níor chuala sé fá dtaobh daobhta níos mó, go dtí an lá a chuaigh sé i dtalamh.

Bhí fear eile 'na chónaí i Mín Na Cuinge agus i Loch an Iúir, agus blian amháin nár fhás a chuid saileóige ró mhaith, chuaigh sé isteach go h-oileán an Iúir le ultach call a bhaint a dhéanfadh cupla cliabh dó le móin a thabhairt ó'n phortach. Bhí sin ar an oileán neart call, agus ghearr sé ascalán breá. Ba nuair a bhí sé ag ceangal na slatach a thug sé faoi deara gur ghearr sé ordóg a lámhe. Níor chuir sé suim ansin, ach theann air agus bhain an baile amach.

Látharna bháirach bhí an mhéar iontach nimhneach, agus ó lá go lá bhí sí ag éirigh ní ba mheasa. Chuaigh sé chuig doctúir, ach dá aineoin ceiríní an doctúra is é an rud a bhí an mhéar ag dul chun ealasaí. Bhí sean bhean ar an bhaile, agus chuir sí ceist ar an fhear caidé mar tharla an gearradh. "Tá" ar seisean, "mé ag baint ascalán slatach ar an oileán agus tháinig an lann ar mo ordóg."

"Bhal," ar sise, "biseach níl i n-dán duit go bhfágaidh tú na slatacha sin aráis ar an oileán." Níor thaitin seo leis ach níor dhubhairt sé dadaidh.

Bhí an t-am ag dul thart ach ní rabh an mhéar ag biseadh. Ní rabh sé ar ndóigh ábalta na cléibh a dhéanamh mar go rabh an mhéar nimhneach agus lá amháin i mothú feirge thug sé leis na slatacha, agus chaith amach ar an loch iad. Bhí an loch garbh agus an ghaoth ag séideadh anuas ó'n oileán. Chuaigh na slatacha ar an t-snámh agus chuaigh siad i n-éadan na gaoithe agus na dtonn, go dteachaidh siad i dtír ar an oileán. Ar maidín látharna bháirach, bhí méar an fhir ní b'fhearr agus i gcionn na seachtaine bhí sé ar a shean léim.

Is cinnte go bhfuil geasa ar an oileán uaigneach seo.



An Fhál Carrach

AN TOGHACHAN

Is cinnte go bhfuil níos mó suime a chur san toghachán seo na mar a cuirfeadh le fada. Is léir ón bhoiscaireacht atá a thabhairt dó go mbeidh dian-choimhlint idir na teachtaí.

SUIM 'SNA SCANNÁIN

Bhí cuid mhór daoine ag déanamh go rabh ré na scannán thart, ach ba léir ón suim a cuireadh i scannáin áirithe le tamall nach tíor an tuairim seo.

Chuir óg agus aosta an-suim i "Rotha mór an tSaoil" a thaispeain R.T.É. Rinneadh an scannán seo i gCloich Cheannthaola anuraidh agus bhí daoine as an cheanntair ag glacadh páirt ann. Bé Seán Ó hEochaidh a scríobh an scéal. Thug sé léiriú ar an saol a bhí ag mórán de mhuintir Iarthair Thír Chonaill cúpla glún ó shoin.

Chuaigh cuid mhór daoine chuig na pioturlainn ar an Fhál Carrach agus i nGaoth Dobhair le "Ben Hur" agus "Ryan's Daughter" a fheiceáil.

CÚRSAÍ GAEILGE

Is mian le Gael Linn coláiste samhraidh Gaeilge a bhunú i gceantar Ghort a' Choirce. Beidh cruinniú de mhúinteoirí as coláistí Gaeilge i nGort a' Choirce ar an 4ú, 5ú, 6ú de Bhealtaine. Bhí an cruinniú seo i gConamara anuraidh.

COMHBHRÓN

Rinne muintir na h-áite comhbhrón le clann agus gaotha Shéamuis Uí Shearcaigh as Raithe a fuair bás an t-seachtain seo a chuaigh thart Bhí sé 99 bliana d'aois.

SUIM 'SNA MISIÚN

Bhí oíche shuailceach in Ostán na Seamróige ar an Aoine seo chuaigh thart. Bhí a cháirde ag fágáil slán leis an Áthair Niall Ó Dúgain a bhéas ag pilleadh gan mhoill chuig na misiúin i Meiriceá Theas. Ag caint ar an ócáid seo dúirt an sagart go rabh tuataí san cheanntair ar mhaith leo obair Dé a dhéanamh ar na misiúin. Dúirt sé go gcuirfeadh sé fhéin fáilte roimh éinne a bheadh ag lorg eolais fá'n obair seo.

Seán Mac Cnámhsaigh (Aois 4) as Glascú atá ar laethe Saoire i Loch an Iúir.



Teastas Cócaireachta

I measc na ndaoine a fuair an teastas cócaireachta i gColáiste Mhuire le tigheas Sráid Chathail Brugha i mBaile Átha Cliath ar na maillibh, bhí Eithne Ní Churráin iníon le Eibhlín Bean Uí Churráin agus Seosamh Ó Curráin nach maireann Machaire Gathlán, Doirí Beaga. Tá Eithne anois ag obair i gcoláiste Mhuire i gCearnóg Pharnell i mBaile Átha Cliath. Cailín deas Eithne agus tá dúil mhór aici san rinne agus san cheol Gaelach.

Cnámharlach i gCarraic Finn

Inné (Diardaoin 15) bhí foireann oibre de'n Chomhairle Contae faoi stiúir Sheáin Uí Dhomhnaill, Mín a' Craoibhe, ag obair i ndíog i gCarraic Finn, nuair a tháinig siad ar cnámharlach ag doimhneacht tríocha troigh ins an ghaimeamh. Bhí an cnámharlach clúdaí le clocha móra agus meastar go bhfuil tuilleadh coirp curtha anseo. Cé go rabh droch bhail ar an cnámharlach de réir chosúil bhí an corp seo curtha leis na céadtaí bliain. Chuir na h-oibrí scairt ar na Gárdaí agus inniu tá'n foireann ceanna i gcomhair leis na Gárdaí ag stuidear an áit chun tuilleadh cuartú a dhéanamh. Measann muintir na h-áite gurbh é seo sean reilig a bhí in úsáid céadtaí bliana ó shoin.

'Siad Seán Ó Domhnaill (Winnie) Seosamh Mac Giolla Bhríde agus Eoin Mac Eachmharaigh na h-oibrí eile.

Bhuail bochtán ar doras sean-bhean. "Caidé tá 'dhiobhal ort?" arsa sise. "Dhá pingne fá choinne leaba" arsa an bochtán. "Tabhair isteach é," dúirt sise "ceann-íochaidh mise é."

Bhí an sagart ag iarraidh ar Phádraig an ólchan a thabhairt suas. "Sin do namháid is mó" arsa an sagart. "Ach" arsa Pádraig "nach bhfuil tusa i gcónaí á rá linn grá a bheith againn ar ár námhaid."



Na "Favourites"

Seo Buíon ceoil na "Favourites" as Ailt a' Choráin. Grúpa teaghlach atá ionnta d'arbh ainm Uí Bhaoill. Tá seisear acu ann. Bríd, Mícheal, Pádraigín, Anna Marie, Séan agus a gcol

cheathair Mícheal Rua. Tá a gclú ag méadú ar fud na hallaí damhsa agus go h-áirithe ag na céilithe agus bainisí. Meastar nach

mbéidh i bhfad go mbéidh siad ag déanamh ceirnín. Tá siad le fáil ar an ghúthán ag Ailt a' Choráin 29. Tá súil againn uilig go n-éiríocháil an bóthar le

Muna ndéanann sé an Geimhreadh mar is cóir, dhéanfaidh sé i mí na bhfaoilleach é agus muna ndéan sé i mí na bhfaoilleach beidh an chuid eile de'n bliain ag bagairt air.

SEAN RANN

FIANNA FÁIL

AN

PÁIRTÍ POBLAGHTACH

Tabhair do bhóta

1

2

3

i do rogha ord

CUNNINGHAM Liam

HARKIN John

McGLINCHEY Bernard

Sheasaigh Fianna Fáil leis an Ghaeltacht
Seaseochadh an Ghaeltacht le Fianna Fáil

Thiar i nGleann Ceo

AR LEANSTAN

le Tadhg Ó Rabhartaigh

Alpha agus Omega

Chaith mise mo cheirteach ar an talamh
Ag failtiú roimhe Maighistir leis féin
An Domhnach roimhe Aoine do mo dhaladh

Níor shonruí mé cúis an phéin.

Bhog mise suas ar chnoc Chailbhire
An dulraidh a's mé féin mar i gcéin
D' amharc mé suas ar an Chroich Chéasta

Agus chonnaic mé scamail sa spéir.

D' amharc mise síos ar an talamh
A's bhí loinnir na gréinne san fhéar
Níl mé acht scáirt choiligh on chathair
Agus an fáiltiú go fóill san aer.

Idir an loinnir a's na scamail
Bhí an fhuil ina rith leis go fial
Bhí amhras fán pheacadh a's an scainill
Agus cinnteacht fá fhuascailt an t-saoil.

Rud a dúbhairt Tú, a Mhic le do Mhathair

'Se cheannsaigh mé a sileadh na ndeor
A's a Mhuire na nGrás ins na Flaitheas
Tá loinnir na gréinne san fhéar.

S. Mag Fhlionn.

An crith a bhí ar a ghlór agus an dreach gointe a bhí ar an duine bhocht, chuaigh siad go croí sa ghirseach. Thóg sí a humhail den tseanbhallóg agus thug sí cúpla spléachadh ar an oileán chrannach nach raibh ach fá thuairim céad slat amach ó chladach an locha, giota beag ní b'fhaide siar. Ba é sin Inis Colmán, agus b'ann a bhí cónaí ar Mhac Alastair, an tiarna i dteach ghalánta i measc na gcrann. Thug sí thart a haghaidh go fadálach ansin gur dhearc sí ar an mhianach a bhí fá mhíle nó mar sin taobh thall di ar thaobh an bhealaigh mhóir a bhí ag gabháil thart lena teach féin. Bhí inneall ag cur toite sa spéir ag béal an mhianaigh sin agus ag tarraingt amach an ghuail a bhíothas a thochailt istigh thiar faoin tsiabh. Bhí carn dubh ann a raibh méid cnocáin ann. D'fhéadfá a rá go raibh sráidbhaile beag ann, fosta. Nó bhí teach an phobail ann; teach an tsagairt; scoil bheag cheann tuí a raibh cónaí ar an mháistreás i bpáirt di; teach an Ghréasaí Rua; teach Shéimín Bháin, an fear a bhí ag stiúradh an mhianaigh do Mhac Alastair; agus teach Eoin an Droichid, fear a raibh siopa aige agus a raibh a oiread d'eagla ar chuid de na mianachóirí roimhe agus a bhí orthu roimh Mhac Alastair é féin. Bhí sruthán de chuid an tsléibhe ag sileadh anuas faoi dhroichead i lár an tsráidbhaile bhig seo; agus, le cuimhne an té ba shine fán ghleann, níor tugadh mar ainm ar an áit ach Droichead an Mhianaigh; agus, ar na mallaibh, ní rabhtas ag tabhairt aon ainm uirthi ach "An Droichead".

Thriomaigh Triona lorg na ndeor dá haghaidh le coirnéal den stoc a bhí fána muineál.

"Cúig phunt atá agat le tabhairt dó?" ar sise.

"Cúig phunt," ar seisean, ag ligean osna as féin; "dá gcastaí a leithéid agam, a rún."

"Níl sa teach ach leathchoróin," ar sise.

"Cúig phunt," arsa an seandúine, athuair; "agus gan a fhios faoi Dhia cá bhfaighfear é. Sin cíos bliana a ba cheart a bheith aige ó bhí an tSamhain ann. Is í an chéad Samhain riamh í a raibh mé ar deireadh leis an chíos. Cinnte, ní bhfaigheadh sé de chroí mé a chur amach ar an bhealach mhór anois, i ndiaidh ar thochail mé de ghual dó ó bhí mé dhá bhliain déag d'aois. Rachaidh mé síos, in ainm Dé; rachaidh mé síos díreach chuige inniu, agus rachaidh mé chun cainte leis. Ba mé an mianachóir ab fhearr a bhí aige le mo linn; agus tá a fhios sin aige. Tá mé cinnte go dtabharfaidh sé spás dúinn."

"Tí Dia thú, 'athair mór," ar sise, "ag imeacht leat sa tsneachta ar a leithéid d'ócáid!"

"Níl an dara suí sa bhuaile ann, a stór," arsa an seandúine. "Iarrfaidh mé spás go Féile Eoin air. Beidh mé féin is do mháthair mhór ag fáil an phinsin sin a bhfuiltear ag caint air, beimid á fháil amach anseo i dtús an earraigh, beo slán a bheimid; agus beidh an bhó ag breith, agus beidh dhá uan ar a laghad ag an dá chaora, le cuidiú an Rí. Idir gach aon chineál, ba chóir go mbeimis ábalta na cúig phunt a thabhairt dó fán am a dúirt mé."

"An é do bharúil go dtabharfaidh sé go Féile Eoin dúinn?" ar sise.

"Is doiligh sin a inse, a rún," arsa an seandúine. "Tá sé righin agus cadránta, an diúlach céanna; ach ina dhiaidh sin, níl a fhios againn cad é atá Dia a dhéanamh. B'fhéidir gur an t-ádh a bheadh orm."

"Agus má dhiúltaíonn sé, a athair mór, cad é a dhéanfimid?"

"Bhuel, a thaisce, bhí mé ag smaoinemh air sin, fosta. Níl maith dúinn aon phingin a iarraidh ar Eoin an Droichid, agus muid seacht bpunt i bhfiacha aige, mar táimid. Níl fágtha againn ach an bhó agus an dá chaora. Caithfear cuid éigin den dá chuid acu a dhíol; agus má théid sé go dtí sin, creidim gurb iad na caoirigh a chaithfear a dhíol, a rún."

"Caoirigh na ngasúr!" ar sise; agus déarfá gur mhó a bhí

sí ag caint léi féin ná leis an tseandúine.

"Ba dhoiligh liom a ndíol, a Thriona," ar seisean; "ach, má théid cruá orainn, is fusa dúinn a bheith gan caoirigh ná a bheith gan bó. Ach tá dúil as Dia agam nach dtig orainn a leithéid a dhéanamh ar chor ar bith. An té nach maireann, grásta ó Dhia air, níor mhaith leis na caoirigh sin a bheith díolta ar an bheirt ghasúr; agus ba mhór an peacadh iad a chaitheamh uainn go saor anois, agus iad ag iompar uan. Níl a fhios agam cé ghlacfaidh iad, ach oiread, amach ó Eoin an Droichid; agus chan í an phingin is airde a bhéarfadh seisean uaidh orthu, go dearfa."

An dá chaora seo a bhí i gceist ag an tseandúine, d'fhág an t-athair ag an bheirt ghasúr iad, ceann an duine, sula bhfuair sé bás. Bhí siad ar an tsiabh os cionn an tí acu, agus cha ndeachaigh lá amháin thart ó cuireadh an t-athair nach ndeachaigh an bheirt ghasúr suas, go mall nó go luath, a amharc orthu. Bhí dhá uan acu an séasúr roimhe sin; ach, cé gurbh é mian na ngasúr (agus mian a raibh sa teach lena chois sin), na huain sin a choinneáil, b'éigean dóibh scaradh leo in éadan a dtola.

Mhí an ghrian ar shiúl síos ar chúl an tsléibhe thiar, agus smúid ag teacht ar an ghleann, nuair a bhuaile Corchúr Mór Mac Giolla Dé an bóthar go hInis Colmán. Bhí a hata cruá air, agus a bhata draighin leis ina dhorn. Chluinfeá a choiscéim ar an tsneachta shiochta giota maith uait; agus tifeá gal a anála ag gabháil roimhe. Sheasaigh Triona ag tóin an tí agus choimhead sí faoina súil é go ndeachaigh sé as a hamharc thart an coradh ar an taobh eile den Droichead. Bhí a cár ag greadadh ar a chéile, agus bhain sí teas na tine amach.

MIANACHÓIREACHT FAOI CHOIM

Foscladh doras theach scoile an Droichid agus rith drong pháistí amach i mullach a chéile sa tsneachta. An callán a thóg siad, bhí sé thar a bheith go measartha. Bhí an Máistreás i ndiaidh canna milseán a roinnt orthu agus, lena chois sin, bhí sí i ndiaidh cead a gcinn a ligean leo go tús na Bliana Úire. Ar an ábhar sin, má bhain siad macalla as an Droichead agus as na beanna thart timpeall, ní raibh an Máistreás cóir, ná aon duine eile ach oiread léi, ina dhiaidh orthu. Bhí meallta sneachta á gcaitheamh go tiubh; agus bhí Eoin an Droichid ina sheasamh, agus maróg air, ina dhoras féin, go bhfeiceadh sé cé acu a gheobhadh de chroí tailm a bhaint as an cheann iarainn a bhí ar a theach agus ar a shiopa. Ba thrua an té a dhéanfadh é, de shúgradh nó dáiríre. Ach cé gur dhian a choinnigh sé a shúile dearga ar lucht na meall, buaileadh an t-iarann as áit éigin nár léir dó. Siúd amach ar an tsráid é agus thart tóin an tí, chomh gasta agus tháinig leis. Chaithfeá gáire a dhéanamh faoin mharóg a bhí air agus faoi na cosa toirteacha a bhí air. Ach ní raibh aon duine le feiceáil aige fá thóin an tí, ná thart fán chúl, ach oiread. Ar ais arís leis, agus cuil an ainspioraid air. Dar leis an mhéid de na scoláirí a bhí fán tsráid gurbh fhearr dóibh a bheith ag bogadh, agus d'imigh siad leo soir agus siar. An méid a thug spléachadh siar thar a ngualainn air, chonaic siad é ag cur thairis mar bheadh gealtán ann, agus an Gréasaí Rua ina sheasamh ina dhoras féin ag baint suáilce as an mhíre a bhí air. Stad na gártha agus na gáirí ag na páistí, nó níor mhaith fearg a chur ar Eoin an Droichid. Ba bheag duine sa ghleann nach raibh a ainm ina chuid leabhar; agus ba mhaith a bhí a fhios ag na páistí go mbeadh a muintir ar an daoraí leo dá mbeadh a fhios acu gur chuir siad corraí air.

Tuilleadh i gceann coicíse

Tá an leabhar le fáil ó Fhoilseacháin an Rialtais, An Stúara, Ard Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath. Luach 65p fríd an phost.

RÁTAÍ "GAELTACHT"

fríd an phost

Ainm

Seoladh

£

- 3 mhí 55p
 6 mhí £1.10p
 1 bl. £2.20

Rátaí speisialta do ordú mór

"GAELTACHT"

Cló Na Rosann,
Gaoth Dobhair,
Leitir Ceanainn,
Tír Chonaill.

Má tá . . .
SCÉALTAÍ GRINN agat, cuir chugainn iad. Bronnfar 50p ar an scéal is fearr ar gach eagrán de "Ghaeltacht."

Mion-Mhargadh Uí Dhomhnail

Earraí Grósaera, Milseógra, Crua-Earraí

Bainne Paisteartha

Ionadaí do Uachtarán Dhún na nGall

ANAGAIRE

Guthán Anagaire 32

Séamus Ó Searcaigh

GRÓSAER, NUACHTÓIR, TABHAIRNEÓIR

ANAGAIRE

GUTHÁN: ANAGAIRE 4.

Do'n Aois Óg . . .



Seo Peadar Mac Pháidín, Aois 12 as na hArdai, a bhí ag ceol ar chlár "The Young Entertainers" ar Radio Éireann Dé Luain seo chaite. Cheol sé "Bheir Me O'" agus "Mo Shean Dún na nGall".

Fuair sé duaiseanna i nGaoth Dobhair agus Fálcarrach agus fuair sé an duais do'n amhránaí is fearr i nGaeilge, faoi sé bliana deag, ag Féis an Chraoslaoigh, 1972.

Dia díbh a pháisti,

Bhi Eoinín dolba an seachtain seo agus tá an gárda bocht i dtrioblóid mar gheall air! Chuaigh Eoinín agus a mhadadh i bhfolach go ceann cupla seachtain eile agus tá súil acu go mbeidh fónn nios fearr ar an ghárda fán am sin.

Comhghairdeas le Máiread Máire Ní Fhearraigh as Gaoth Dobhair a bhain 50p ar "Tomhas cé hé."

Seo é an freagar ceart: Néal, Adhmad, Páiste, Ocht, Leabhar, Eala, Otharcharr, Nathar. (Napoleon)

Tá crosfhocal le déanamh an iarraidh seo agus beidh duais 50p le baint. An chéad ainm a thógfar amach as an hata bainfidh an páiste sin an 50p.

Cuir do iarracht chuig:

Andaí,
Cló Na Rosann,
Gaoth Dobhair,
Leitir Ceanainn.


Níl a dhath is fearr liom na litreacha a fháil ó pháisti beaga. Cuirigí bhur litreacha chugam agus bheirfidh mé duais 50p ar an litir is fearr agus cuirfidh mé an litir ar an leathanach seo.



Slán go fóill,
ó bhur gcara . . .

Andaí.

CROSFHOCAL



TRASNA

2. Bád
5. Gléas Ceoil
7. Confadh
8. An Cruiscín
11. Glantar an t-urlár leis
12. Iasc

ANUAS

1. Tá dhá cheann acu seo ort
3. Téchí tú é
4. Scian agus
6. Éan beag
9. "Teach" éin
10. Braon beag

Ainm _____

Seoladh _____

Aois _____ Scoil _____



Páisti Mháire agus Eamonn Uí Dhomhnaill. Bríd (5) Seosamh (4). Tá siad ar Scoil Dhobhair agus tá asal mar pheata acu.








Enna Mac Fhionlaich as Baile Áth Cliath atá ag freastal ar scoil Rann na Feirste fá láthair ar scol-aireacht Ghael Linn. Sé an scríobhnóir cáiliúil as Gleann Súile "Cú Uladh" (Pádraig Mac Fhionlaich) a áthair mór.



Caitlín (11) agus Eamonn (7) Mac Niallais as Gaoth Dobhair. Tá siad ar scoil na nDoirí Beaga agus tá dúil mhór acu inti. Is maith le Caitlín ceol, rinne agus líníocht. Tá dúil ag Eamonn san pheil, golf agus líníocht.

Eoinín agus a mhadadh



RADIO na Gaeltachta



DÉ SATHAIRN 17ú FEABHRA

7.00 Nuacht, Aimsir agus Spórt. 7.30 Seisiún. 8.00 Nuacht Áitiúil. 8.03 Tuairisc Pearsanta le Timlín Ó Cearnaigh. 8.30 A Ghloria, a chara. 8.45 An Druma Mór: Ursceál cáil-iúil Sheosamh Mhic Grianna a bhuaidh duais an Bhuitléirigh. Á léamh ag Seán Ó Gallchóir ina dhá mhír déag. Mír a Trí: Iaróg. 9.00 Nuacht, Aimsir.

DÉ DOMHNAIGH 18ú FEABHRA

7.00 Nuacht, Aimsir. 7.06 Seán Bán Breathnach. 8.00 Nuacht Áitiúil. 8.03 Deir sé anseo: Tuairisc ar na páipéir Áitiúla le Seosamh Ó Cuaig. 8.10 Sa taobh seo den Tír: Sraith léachtaí ó bhail Bhord Staidéar Seachtrach Choláiste na h-Ollscoile Gaillimh ar staid na Gaeltachta inniu. 3. An Ghaeltacht ó 1921 i leith le Gearóid Ó Tuathaigh M.A. leachtaí sa Stair. Coláiste na h-Ollscoile Gaillimh. 8.30 Spórt Idirlinn: 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DÉ LUAIN 19ú FEABHRA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a pháistí. 7.30 Iris an Luain. 8.00 Nuacht Áitiúil. 8.03 Iris an Luain (cuid a dó). 8.30 Séamus Ennis Anseo. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DÉ MÁIRT 20ú FEABHRA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Togha agus Rogha, Rogha na nEisteoirí á dtogha ag Timlín Ó Cearnaigh, Neasa Ní Chinnéide agus Maidhc P. Ó Conaola. 8.00 Nuacht Áitiúil. 8.03 Cré na Cille, Léamh dramatúil ar leabhar cáiliúil Mháirtín Uí Chadhain ó aisteoirí Chonamara faoi stiúir Sheáin Uí Choisdealbha. Mír a Trí: Nóra Sheáinín ag cúlraí cultúir. 8.30 Lán a Mhála. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DÉ CEADAINE 21ú FEABHRA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal le Scara Brae A chuir i láthair ag Timlín Ó Cearnaigh. 7.30 Iris na Céadaoine. 8.00 Nuacht Áitiúil. 8.03 Iris na Céadaoine (cuid a dó). 8.30 Fadhanna Gaeilge. Ceisteanna comhréire, deilbhe agus foghraíochtra ó eisteoirí á bplé ag Niall Ó Domhnaill, Pádraig Ó Maoileoin agus Éamonn Ó Tualhail. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DIARDAIN 22ú FEABHRA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Dibhse a mhna. 7.30 "Sí do Mhamó í" 8.00 Nuacht Áitiúil. 8.03 An t-Seachtain seo. 8.30 Sa mBrúiséal. 8.40 Rogha Gene Martin. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DÉ hAOINE 23ú FEABHRA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a pháistí. 7.30 Iris na hAoine. 8.00 Nuacht Áitiúil. 8.03 Iris na hAoine (cuid a dó). 8.30 Céad bliain i bParóiste an Fhirtéaraigh. 8.50 Idirlinn. 9.00 Nuacht agus Aimsir.


Bás Shorcha Ní Dhuibhir

Bhí achán nduine san phobal íontach buartha an tseachtain chuaigh thart nuair a chuala siad fá bhás Shorcha Ní Dhuibhir, lá de'n tsaol as Oileán Ghabhla, ach a bhí ina cónaí in Árd na gCeapáirí le roinnt blianta. Bean dheas chneasta a bhí i Sorcha agus mar ba dual díthe mar bhean oileáin bhí suim mhór aici san fharráige agus san iascaireacht i gcónaí.

Bhí a tórramh a bhí íontach mór ann Dé Sathairn i ndiaidh Aifreann na marbh i dTeach Pobail Dhoirí Beaga go Roilig Machaire Gathlán.

Déanann an pobal comhbhrón mór le na deirfiúr Máire, a dearthair Michéal agus a chlann, a cuid daoine muintreach agus a cairde uilig.

Go dtabharfaidh Dia suaimhneas na Glóire do a h-anam.



Machnamh

An tAthair Dónal Mac Suibhne

NUAIR A BHÉAS stair na 20ú h-aoise a scríobh amach anseo, is dócha gurb é fás agus leathadh an chomhchumannachais an gné is mó a chuirfear sonrú ann. Tá tuairim agus an tréid den chine daonna faoi na thionchar faoi láthair. Níl mórán tfortha ar fud an domhain nach fórsa le coimhead atá inti iontu.

Cad chuige an fás agus an leathadh seo? Is é an freagra coitianta a chluintear ná gur fhás sí ón bhochtanas, ón bhréantas, agus ó droch-choinníollacha sóisialta go ginearálta. Ach, an freagra cruinn nó fíor í seo? Nach raibh na foinsí mí-shástachta seo ann i

dtólamh? Ní h-iaid an 19ú aois nó an 20ú aois a chrúthaigh iad. Is rud úr 19ú/20ú aoiseach, ámh, atá sa chomhchumannachas. Ceart go leor cothaíonn bochtanas bréantas, éagóir, leatrom, droch-thithíocht, dífhostaíocht etc. an comhchumannachas, ach ní foinsí an chomhchumannachais atá iontu.

Ní fadhb sóisialta nó polaitíochta, mar sin de, is mó atá san fhealsúnacht agus sa ghluaiseacht agus san eagraíocht seo, ach fadhb spioradálta. D'fhás sí siocair-gur mheath an creideamh.

Cruthaíonn dul-chun-cinn an chomhchumannachais san lá atá inniú ann (agus Éire na 20ú aoise sa chuntas) go bhfuil creideamh domhan dúth-rachtach riachtanach do nádúr dhuine ar bith. Cothaigh glún daoine gan an cineáil seo creidimh i nDia agus tiontíodh siad chuig creideamh eile — fiú go dtí creideamh fuar aindiach an Mharsaigh — agus bhéarfaidh siad don chreideamh sin a n-inneamh, a ndílseacht, agus a ndúthacht. Cuirfidh siad ar fáil do dhaoine cáiliúcháir pearsanta ar dual do Dhia amháin.

Ní h-é go dtiontaíonn na daoine seo ar shiúl ó Chríost. NÍOR CUIREADH

CRÍOST IN AITHNE DAOFA I gCEART. Ní raibh a fhios acu níos fearr. Níor thuig siad an "Críostaíocht."

Is maith le daoine — daoine óga go speisialta — "cúis" a bheith acu. Is maith leo "creideamh" le creidmheáil ann. Cuireann an saol thart orthu samhnas orthu — tá a oircad sin olcais ann. Is mian leo rud ínteacht a dhéanamh faoi. Níl treoraí ar bith acu — go dtí go gceastar an comhchumannach díograsach orthu. Tá seisean réidh le treoir a thabhairt. Tá a fhios aige cá bhfuil sé ag dul. Tá "cúis" aige. Tá idéalacha aige. Tá suim aige i ndaoine. Tá tuigmheáil aige do dhaoine. Tá sé ag iarraidh cuidiú leo. Duine "maith" atá ann. Leanann siad é, mar sin de — cad chuige nach leanfadh nuair nár casadh duine níos fearr orthu?

Guimis mar sin de, go gcuirfidh níos mó daoine aithne ar Chríost ins an chéad seo atá rómhainn, agus i ndiaidh éirí ónár nglúine, go dtéidh muid níos dúth-rachtaí i gcionn oibre, a chur in aithne do gach duine a chas-tar orainn. Dheamhan mórán de na slánaitheoirí eile seo a bhéas fágtha nuair a gheibh na glúnta úra an aithne seo ar Chríost.

Comhar Creidmheasa

Beidh an cruinniú bliantúil ag an Chomhar Creidmheasa oíche Chéadaoine seo chugainn in Ostán Ghleannbhé. Tá sé tabhachtach ag na bail uilig a bheith i láthair ag an chruinniú seo.

Déirigh go maith leis an Chomhar Creidmheasa anuraidh gídh gurbh é an chéad bliain aige é, agus tá súil go n-éireoidh i bhfad eile níos fearr leis an bhliain seo atá romhainn.

Duine ar bith atá ina bhall de'n Chomhar Creidmheasa agus a bhfuil fonn oibre air, beidh fáilte roimhe le dhul ar cheann ar bith de na coistí, ach é a bheith sásta ar laighead dhá uair oibre a dhéanamh san tseachtain.

Tá trí oifig foscailte ag an Chomhar Creidmheasa anois: Halla na Machaireacha achan oíche Aoine ó 8.30—9.30 i.n. Halla Dhoirí Beaga agus Halla Dhoibhair oíche Shathairn ón 8.30—9.30 i.n.

Má tá suim agat ann, beidh feagrach na fáilte romhat theacht isteach san oifig agus tuilleadh eolais a fháil.

An Clannad

An "Clann as Dobhair" ata ag baint clú agus cáil diofa fhéin ar fud na tíre. Is iad Máire, Pól agus Ciaran Uí Bhraonáin agus a n-uncail, cúplaí, Pádraig agus Noel Uí Dubhgain.

Bunaíodh iad i 1970 agus an bhliain cheanna sin bhain siad "Slógadh '70" i mBaile Átha Cliath a chur ar bharr an taoide iad ón tús. Thug an caighdeán ard seo tuilleadh onoir acu an bhliain na dhiaidh sin nuair a bhain siad an "International Folk Festival" i Leitir Ceanainn. An bhliain seo fhéin tá siad i measc an ochtair dheirneach as a bpiocfar íonad na hÉireann ins an Chomórtas Eurofíse. Meastar go bhfuil seans iontach maith acu seo a bhaint fosta, leis an amhrán "An Pháirc."

Tá aithne mhaith ag lucht leanamhaint Aistoirí Gaoth Dobhair orthu fosta mar is iomaidh dráma agus geamaire. a rabh siad Rann-pháirteach ann, ins an Amharclann

agus dála a gceoil, tá siad clúiteach mar aisteoirí fosta.

Ní strainseoirí ar bith ar an Telefís a h-oiread, a ghlac páirt i gcláracha mar Imeall, Glór, Isteach Leat agus ar ndóighe Metheall le Albert Fry.

Ghlac Máire páirt i gclár le Tony Mac Mathúna sa Bhriotain anuraid, clár a mhair chóir a bheith mí iomlán. Tá sí fhéin agus Ciaran fá láthair ag stuidear ceoil ins an Acadamh Ríoga i mBaile Átha Cliath. Tá Pól ag stuidear fá choinne a Ard Teastas i gColáiste Summerhill i gCortae Shligí. Tá Pádraig agus Noel ag stuidear Electronics in Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Tá siúl againn uilig go mbeidh gach ádh orthu ins an Chomórtas seo atá le theacht agus gurbh iad ionadaí na hÉireann i mbliana ins an Chomórtas Eurofíse.



Cois Abhann

Tráthnóna Earraigh is mé cois abhann.
I bhfad ó'n trácht, is an brú, is an gleo,
Suaitheadh an ciúnas as an suaimhneas go
doimhin im chroí,
A bhí tuirseach as cráite de bhuaireamh
an t-saoil.

Bhí an ghrian ag soillsiú mar bhlaidhre
tine,
Ba ceol na n-éan an fuaim ba bhinne,
Teacht chugam san aer, bhí glór na bpáistí,
A bhí i bhfad uaim siar ag ceol is ag
gáirí.

Bhí na h-uain ag léimnigh as na ba ag
géimnigh,
Bhí na feirmeoirí ag treabhadh le fonn,
Bhí an sruthán ag siosarnaigh 's an t-uisce
ag ghoscarnaigh,
Is na beacha ag dordán go ceolmhar
binn.

D'éach mé isteach san uisce ead-doimhin,
Is chonaic mé pictiúirí de dhaonra an
domhain,
Ag síor lorg an t-sonais a théann le maoin
an t-saoil,
Is nach bhfeicid an saibhreas seo 'tá ós
comhair a súil.

Sa tSacramaint Ro-naofa tá scoil
neamhdha agam, agus tá agam ann an
múinteoir is fearr dá bhfuil, íosa
Críost é féin. Agus siad an dá ábhar
a múintear sa scoil sin an umhalaíocht
agus an charthanacht. Dá bhrí sin
ráchaidh mé ar scoil ag íosa agus
foluimeochaidh mé ansin uaidh a
bheith umhal carthanach.
Féin-Scríbhinn Eoin XX111.

LITIR FHOSCAILTE CHUIG TEACHTAIRI DALA THIR CHONAILL

A chara,
Mar is eol duit, is dóiche, tá
cúrsaí oideachais iar-bhunscoile ag
déanamh buartha do phobal Ghaoth
Dobhair le blianta anuas. Is mian
linn go mbeadh an t-oideachas is fearr
dá bhfuil ar fáil ag ár gcuid páistí. Is
mian linn an óige a bheith lán-oilte
agus iad ag tabhairt aghaidh ar an
t-saol; go mbeadh siad ábalta obair a
fháil agus socrú síos ina gceanntar
féin nó ar a laghad ina dtír féin. Ró-
fhada atá aos óg na Gaeltachta ag
imtheacht thar saíle le slí bheatha a
bhaint amach.

Gaeilgeoirí ó dhúchas iad pobal
Ghaoth Dobhair agus creideann muid
mar shaoránaigh de phoblacht na
h-Éireann go bhfuil sé de cheart bun-

reachtúil againn scoith an oideachais a
bheith ar fáil againn inar d-teanga féin
Tá gealltanais tugtha ag an Stat go
gcuirfear oideachas coimsitheach ar
fáil i nGaeilg i gceanntar Ghaoth
Dobhair. An bhfuil tusa sásta má
éiríonn leat suíochán a bhaint amach
in Dáil Éireann, seasamh leis an
ghealltanais sin? Bhfuil tú sásta oibriú
go dian dícheallach sa Dáil agus taobh
amuigh de le cinntiú go dtógfar an
scoil-phobail atá geallta chomh géar
gasta agus thig sin a dhéanamh.

Bheadh muid fíor-bhuíoch duit ach
an litir seo a fhreagairt roimh an
Céadaoin an 20ú lá de Feabhra (20/
2/1973)

Le meas mór,
Coiste na dTuismitheoirí

BUÍOCHAS

Bá mhaith le craobh Anagaire, de
Chumann na bPáistí Lag Inntineach
buíochas a thabhairt do achan nduine
a thug tacaíocht doibh ag an damhsa
a bhí acu Dé hAoine a chuaigh thart
ins an Ray River Inn, Falcarrach. A
mbuíochas fosta do Séamus Ó Gall-
chóir ar leis an Ray River Inn ar
shon an seirbhís breá a chur sé ar
fáil agus de buíonn ceoil Paddy Joe

Tá súil go mbeidh scoil a chur ar
fáil ins an Ghaeltacht do na páistí seo
fríd am, agus tá gach tacaíocht tuille
ag an chúis fiúntach seo.

Rosguill

DÁLTA IASCAIRÍ eile an chósta
tá inní mhór ar iascairí Rosguill san
laghdú atá le déanamh ar an uimhir
cheadúnais brádáin atá le dáilliú i
mbliana. Fir iad seo a raibh a muin-
tir rompu ag dul don iascaireacht
shéasúrach seo agus is deacar leo
tuigbheáil, agus leoga is doiligh do
dhuine ar bith eile ach oiread tuig-
bheáil go bhfuil sé de cheart ag an
Rialtas a slí bheatha a bhaint uatha.
Chan seo an chead uair ar leag aire
stáit lámh throm ar an cheanntar
iascaireachta seo, nuair a tréigeadh í
chun forbairt a dhéanamh ar chala-
phoirt eile thart ar chósta Thír
Chonail. Nuair a seasann duine ar
chéidhe na nDúnaibh inniu, tá sé
deacar samhlú go rabh an calaphort
seo ar cheann de na poirt ba mhó
iascaireachta ar chósta na h-Éireann
in am amháin.

Má déantar laghdú ar bith ar na
ceadúnais brádáin tiocfaidh deireadh
ar fad le traidisiúin na h-iascaireachta
san áit. Mar sin de, sí coiste iascairí
Rosguill do na h-údarais — "Cead-
únas Bradáin do gach iascaire."

Bhí an gnáth slua mór i láthiar ag
an Bhingo i dtí Halla Antoin oíche
Aoine agus don dara h-uair i gcoicís,
bhain Bean Phádraig Mhic Iomaire,
Carraig Airt duais cúig phúnt is fiche.

Dé Domhnaigh is a chuaigh thart,
bhí cruinniú ag Coiste Coláiste Shamh-
raidh Rosguill le cúrsaí gaeilge na
bliana seo a shocrú. Is maith an rud
coiste áitiúla a fheiceáil i mbun gnóth-
aí don chéad uair, agus is cinnte go
ndeanfaidh na daoine céanna seo a
ndícheall chun borru, fáis agus brí úr
a chur san choláiste Ghaeilge seo.
Seán Uasal Ó Buaigh O.S., Cnoc Na
Muirleoge atá mar cheann urraí.

I rith na seachtaine, shocruigh Cum-
ann Mhuir Iascaireachta na nDúnaibh
crannchur a reachtáil agus mar
phríomh dhuais táid ag tabhairt athair
tí ar chúrsa na farraige, ar na duais-
eanna eile, tá seachtain saoire do
bheirt san Spáinn, teitheoir gáis, craol-
achán láimhe, culaith éadaí de Bhréid-
ín Mhic Nuadhait agus ruga taistil.

FÓGRAÍ SPEISIALTA

2½p an focal

TITHE ÓSTA

Ceol i rith an tSamhraidh in Óstán
Gaoidoir. Ag foscladh ag Féile Pádraig

CEAD PLEANÁLA

Tá cead a lorg againn ar Údarás
Pleanála Chontae Dhún na nGall chun
Linn Snámh a thógáil ag Loch an Iúir
— Coiste Forbartha Loch an Iúir.

GLUAISTEÁIN

Ag briseadh na nGluaistán seo
Leanas:
Consul 315. Consul 375 Ford Anglia
Iarr Bocsá 101A

Seisiun ti Hudai Beag

BHÍ CRUINNIÚ tá goirid ó shoin
ag Cumann Gaoth Dobhair de Comh-
altas Ceoltóirí Éireann agus socrú
toiseacht ar seisiún a bheith acu achan
choicís.

Beidh an chéad seisiún tí Hudai
Beag san oíche amárach (Dé Satharn
17ú lá) le ceoltóirí as na trí pobail
agus as Inis Eoghain. Beidh seisiún
eile i Míin a Chlúdaigh oíche hAoine
23ú lá. Coirm ceoil agus céilí a
bhéas anseo. Tá sé ar inntin acu fó-
choiste de'n chomhaltas a bhunú i Míin
a' Chlúdaigh má tá suim ag muintir
na h-áite ann.

Beidh fáilte agus fiche roimh ceol-
tóirí as gach áird ag na seisiún seo,
agus ba mhaith leis an Chumann suim
a mhúscadh in aos óg an cheantair,
fiú muna bhfuil siad ábalta gléas ceoil
a úsáid.

Ach leis a mhéid ceoltóirí clúiteach
atá le fáil ins an cheantar seo, meas-
tar go mbéidh griollsa mhór acu tí
Hudai Beag san oíche amárach agus
comh maith i Míin a Chlúdaigh oíche
h-Aoine seo chugainn. Tá súil againn
go méadeochaigh an Chumann seo ó
neart go neart, agus go dtabharfidh
achan nduine go h-áirid an aos óg a
dtacaíocht dóibh, ins na seisiún seo
atá siad ag cur ar fáil achan choicís.

Arís i mbun gnóthí scoile, tá Cathal
Uasal Mac Laifeartaí O.S., Baile Úr.
Bhí Cathal faoi chúram doctúra le mí
anuas ó shleamhnaigh sé ag teach
Hughie agus bhuaíl sé a cheann ar an
bhealach. Níor dearnadh dochar ar
bith don bhealach.

Chuir monarchan na mbád iomraí
amach an dara long úr an t-seachtain
is a chuaigh thart. D'fhóir an t-ainm
go maith dí "Bainríon na dTonn" agus
í ag seoladh amach thar tonnta bána
na Maoile Ruaide, ba deas an radharc
í.

Tá an bád seo ag dul chuig Cathal
Ó Gallchóir as Gaoth Dobhair agus
guidhimid gach ádh agus rath leí san
am atá le theacht.

Togadh M.S. Ó Gallchóir agus a
bhean céile as Sortnaluchóg i guid-
eachta le Seosaimh Ó Dochartaí as
Carraig agus Bean Mhic Eiteagain as
Gort Na Bráid le dul chun tosaigh
chuig an comórtas Waltzing sna Dúine
oíche Domhnaigh. Tá cupla Domh-
nach fágtha roimh deireadh an chom-
órtais seo agus beidh cupla péire eile
toghtha Dé Domhnaigh seo chugainn
agus beidh an chomórtas fá choinne
an cheannais ar an Domhnach na
dhiaidh sin 4ú lá Márta.

An tUltach

Miosachan

Chomhaltas Uladh

£1 sa bhliain tríd an phost

ó AN tULTACH,
10 Riverdale Park North
Béal Feirste B.T.11 9D.C.

Cúrsaí Spóirt

Ó Breasláin piochtaí do Dhún na nGall

Tá muintir Ghaoth Dobhair iontach bródúil as a bpeileadóir Pádraig Ó Breasláin, de thairbhe é bheith piochtaí ar fhoireann sinsear Dhún na nGall don chéad uair i gcoinne Mhuigheo i mBéal Átha Seanaidh. Tá súil ag muintir na háite go mbeidh saol fada aige ar an fhoireann agus de réir mar d'imir sé an lá sin tá mé fíor-chinnt go mbeidh

Piocadh arís é le gabháil go Béal Átha Beithe i gContae Muineacháin le h-imirt, agus d'imir sé sár-chluiche eile ansin.

Cé go raibh sasamh mór acu as é a bneith piocaidh ní raibh iontas ar bith, nó bhí sé soilléir ag éinne da bhfaca é ag imirt go ndéanfadh sé an grád. Tá sé ina thradisiún ag na Breasláin as an Bhun Bheag a bheith ina bpeileadóirí. Seo an tríú duine acu a d'imir don Chontae, d'imir Cormac óg agus Dónall fosta agus is iomaí cluiche breá a bhí acu, agus tá mé cinnte go leanfaidh Pádraig ina gcoiscéim.

Ag a gcruinniú bliantúil in Ostan Mhic Suibhne ar an Chlochán Liath, phioc Ruagaráí na Rosann a gcuid Oirigi don bhliain seo. Toghadh Séamus Ó Dónaill mar chathaoirleach, Séamus Mac Ruaráí mar rúnaí, Séamus Mac Gairbheith ina chisteoir agus Pádraig Ó Baoill ina leas-rúnaí úr. Ar an choiste tá Dónall Mac Suibhne, Pádraig Mac Aoidh, A. Ó Súilleabháin, C. Elliot, Micheál Ó Gallchobhair, Tarlach Ó Gallchobhair agus Antoin Ó Dochartaigh.

Tá foireann socair Anagaire ag déanamh ainm mór dófa fhéin, ó fuair siad isteach i Sraithchomórtas Dhún na nGall. Anuraidh an chéad bhliain dófa agus bhuaíl siad na foirne is fearr ann agus lena chois sin, is beag foireann atá i ndán buaidh a fháil orthú ar a bpáirc imeartha fhéin i Mullach Dearg.

Thig siad anoir agus aniar a gcoimhlint, Ó Leitir Ceanainn, ó Bhaile Dhún na nGall agus ó gach cearn den Chontae, ach níl morán foirne inchurtha leo. Tá morán trofái buaite acu, sé sin cupaí an t-Samhraidh bhuaidh siad i mbliana fhéin, trofái Samhraidh na gCealla Beaga agus trofái na Fánaide. Chuir siad cuid de na foirne is fearr ar ceal le trofái na Fánaide a bhua: macasamhail, Fánaid fhéin Fern Aont., agus ins an chluiche ceannais, Rath Mhaolain. Tá moladh mór tuillte acu leis an iarracht atá déanta acu, chun socair a spreagadh ins an choirnéal seo den Chontae.

Tá suim an-mhór spreagaidh ins an Ghaeltacht anseo i gcúrsaí Liathróid Láimhe, agus níorbh ionadh go raibh siad ag fanacht go cruaidh leis an chomórtas úr atá ar an telefís. Bhí an chead chluiche san chomórtas imrithe ar an Cheadaoin 7ú lá Feabhra, agus má's rud é go mbeidh na cluichí eile comh maith nó leath chomh maith lá muid istigh fá-choinne am mór. Sé Pádraig Mac Círbhígh agus Séamus Mac Cába a bhí sa chead coimhlint. Bhuaidh Mac Círbhígh leis an scór 20 nár i gcoinne 9. Mhair an cluiche siúc bhomaite dhéag agus bhí an dá mritheoir ann le seans maith go dtí fá ciúc bhomaite den deireadh. Bhuaidh Mac Cába craobh na h-Éirinn ins an bhliain 1966/67 ach tá Mac Círbhígh ar dhuine de na h-imritheoirí is fearr ins an domhan. Tá craobh Mheiriceá buaite aige agus tá sé ar an bhealach chun craobh na h-Éireann a bhaint i mbliana. Beidh Pádraig Ó Murchú agus Peadar Mac Aoidh i gcoinne a chéile ins an chead chluiche eile. Beidh muid uilig ag amharc chun tosaigh le sár chluiche eile a fheiceáil.

Tá comórtas peile ar siúl san choláiste i nGort a' Choirce agus san phionúir liathróid láimhe ar an Fhálcarrach. Cuirtear an-suim ar fad ins na cluichí seo.

Bhí an bhua ag Coláiste na Croise Naofa ar Choláiste Cholm Cille, Srath an Urláir i gcomórtas an Chorn D'Alton. D'imir Micheál Mac Giolla Chearra, Dónall Ó Dainlín agus Séamus Mac Gabhainn go han-mhaith don choláiste.

Tháinig fuireann Ghaoth Dobhair go dtí an Fhálcarrach Dé Domhnaigh le cluiche a imirt, ach d'éirigh an lá chomh fliuch is nár fhéad siad cluiche a bheith acu.

D'imir Gleann Átha cluiche leis an Chéidiú. An scór: Gleann Átha 1. An Chéidiú 1.



Spórt as Rosgoill

D'imir foireann Ruairí Mhic Easmuinn agus Seán Mac Cumhaill i gcluiche peile i Leitir Ceanainn Dé Domhnaigh, féachaint cé acu a d'imródh Leitir Ceanainn fá choinne áit i Leath Cheannas an League. Tá Gaoth Dobhair ag barr an tábla sa roinn seo agus tá an áit eile idir na trí foirne atá buailte cheanna féin.

Thosaigh an cluiche fiche bomaite mall agus bhí foireann Mhic Cumhaill ag imirt leis an ghaoth sa chead leath. Fuair siad an chéad scór — pointe ó Chathal Ó Dubháil agus bhí an t-ádh le foireann Mhic Easmuinn nach cúl a bhí ann.

Bhí an imirt cothrom go maith ansin go dtí go bhfuair Aodh Mac Laifeartaí an liathróid agus thóg sé leis í dhá fhichead slat agus ansin bhuaíl sé cíc ard uirthí agus fuair Mairtín Mac an Iomaire a lámh uirthí arís agus fuair sé cúl eile. Chuaigh an liathróid síos an pháirc arís agus fuair foireann Mhic Cumhaill cúl as. Bhí fiche bomaite caite agus foireann Mhic Easmuinn ar an ionsaí arís nuair a buaileadh duine acu. Bhí an reiteoir ag cur imirteoir de fhoireann Sheáin Mhic Cumhaill go dtí an líne nuair a chruinnigh cuid de na h-imirtheoirí eile thart air agus shocrúigh an reiteoir deire tobann a chuir leis an chluiche. Beidh sé le socrú anois ag Bord an Chondae oíche Dé Máirt i Halla an Bhutt i mBealach Feich.

AG TEASTÁIL

I nGaoth Dobhair agus na Rosa gabhaltais bheaga nó áiteamh bheaga le tithe nó gan tithe. Fosta, láithreáin tógála. Scríobh faoi bhrí na mionn, chuig:

CATHAL MAC GRIANNA

Ceantalaí agus Meastóir

AN FHÁLCARRACH

Guthán 67

Togha agus Rogha na Feola

le fáil ó



ANAGAIRE

Guthán: Anagaire 16

Comhghairdeachas agus ádh mór ó

RADHARC NA nOILEANN

Machaire an Chlochair

Earraí Grósaera, Milseógra

Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair Teo.

Cruinniú bliantúil in

ÓSTÁN GHLEANN BHÉ

Dé Ceadaoine 21ú lá de Feabhra

ar 8-30. Beidh fáilte roimh achan nduine.